Coláiste Ghobnait
Inis Oírr



Polasaí Folláine
2026/2027

Glactha leis ag an mBord Bainistíocht i nDeireadh Fómhair 2018.
Faofa ag an mBord Oideachas agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (BOOGR) ar an (dáta le cinntiú)

Ullmhaíodh an Beartas seo i gcomhairle le Tuismitheoirí, Scoláirí, Baill Foirne, an Bord Bainistíochta agus an BOOGR

BAINEANN AN POLASAÍ SEO LE:

Daltaí, foireann na scoile, tuismitheoirí, Bord Bainistíochta na scoile chomh maith le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Roscomáin.

RÁITEAS MISIN

Ár misiún i gColáiste Ghobnait ná forbairt oideachasúil, intleachtúil, fisiciúil agus culturtha a spreagadh i measc scoláirí na scoile i dtimpeallacht thaitneamhach shláintiúil a thugann tús áite don fhéinmheas, don neamhspléachas agus d'fhorbairt gach ball de phobal na scoile.

FÍS NA SCOILE

"Ag fás is ag foghlaim le chéile go díograiseach agus go dúthrachtach trí mheán na Gaeilge, ina dtugtar tús áite do chothromaíocht, meas folláine agus ionracas, le spiorad an chomhoibrithe i measc pobal uile na scoile."

ÉITEAS



AIDHMEANNA AN PHOLASAÍ

Pobal uilig na scoile a bheith tiomanta do na haidhmeanna seo a leanas a chur i bhfeidhm i ngach gné den fhoghlaim agus d'imeachtaí scoile

Ráiteas Polasaí Folláine & Creat Cleachtais 2018-2023

Próiseas fadsaoil atá i gceist le forbairt, cothú agus cothabháil na folláine.

Tá iliomad gnéithe idirghaolmhara bainteach leis an bhfolláine, ina measc a bheith gníomhach, freagrach, bainteach, mar aon le teacht aniar, ómós, feasacht, meas agus tuiscint a léiriú (ROS & CNCM, 2017). Áirítear nádúr iltoiseach na Folláine sa sainmhíniú seo a leanas (An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS/ WHO), 2001).

Is ann d'fholláine an duine nuair a éiríonn leis/léi lán-acmhainn a bhaint amach, nuair a léiríonn sé/sí teacht aniar agus é/í ag déileáil le gnáthstruis an tsaoil, nuair a thugann sé/sí aire dá fholláine choirp, agus má mhothaíonn sé/sí go bhfuil cuspóir, ceangal agus mothú chomhuintearais aige/aici le pobal níos leithne. Staid iomlaoideach í seo ar gá í a chothú le linn saol an duine.

- Freastal ar fholláine gach scoláire le go mbainfidh gach scoláire barr a gcumais amach i gColáiste Ghobnait
- deiseanna foghlama a chruthú chun cur le folláine fhisiciúil, mheabhrach, mhothúchánach agus shóisialta an scoláire
- scileanna saoil a fhorbairt sna scoláirí a chruthóidh ceangail láidir idir iad féin agus a scoil agus leis an bpobal ina chónaíonn siad
- tuiscint go bhfuil an fholláine tábhachtach mar go mbíonn torthaí oideachais níos fearr ag baint leis nó go bhfuil sé d'acmhainn ann dul i bhfeidhm ar thodhchaí na ndaoine óga mar dhaoine fásta.
- tábhachtach na folláine don scoláire san am i láthair a thuiscint
- ceart gach scoláire a mhothú go bhfuil aire á thabhairt dó / di ar scoil a chaomhnú
- tuiscint go bhfuil glór na scoláirí fíorthábhachtach chomh maith le deis a bheith acu a riachtanais féin a aimsiú agus a chur in iúl, mar shampla tríd Chomhairle na Scoláirí agus Ionduchtú gach maidin
- cur le cumas an scoláire barr a chumas a bhaint amach, aire a thabhairt dá fholláine choirp, déileáil le gnáthstrus an tsaoil agus mothú go bhfuil ceangal aige/aici le pobal níos leithne
- timpeallacht scoile a chruthú agus a chothú ina mbraitheann gach scoláire agus ball foirne go bhfuil meas air/uirthi agus ar a c(h)uid oibre.
- timpeallacht fhisiciúil na scoile a bheith glan agus dea-chaoi a bheith air
- oibriú i dtreo áiseanna maithe don chorpoideachas a bheith ar fáil – spás taobh amuigh agus taobh istigh más féidir.
- timpeallacht na scoile a bheith saor ó mheaisíní díolta bia mhíshlaintiúla
- Rannpháirteach na scoláirí sa chóras measúnaithe inmheánach a láidriú trí fhoirm mheasúnaithe agus graf torthaí a chur ar fáil chomh maith le haiseolas éifeachtach a chinntiú
- córais tacaíochta a bheith ar fáil do scoláirí a bheith curtha ar fáil ag gach múinteoir
- Ionduchtú ag tús na bliana curtha ar fáil ag an bPríomhoide do thuismitheoirí/caomhnóirí do scoláirí a bheidh ag cuir tús lena gcuid oideachas iar bhunsocile.
- Ionduchtú ag tús na bliana curtha ar fáil ag Múinteoirí Bliana do gach bliain scoláirí

Ról an Bhoird Bainistíocht

Tá an Bord Bainistíochta freagrach as an bpolasaí a dhearbhú agus tá foireann uile an choláiste freagrach as an bpolasaí a chur í ngníomh go laethúil.

Ról an Phríomhoide/Príomhoide Tánaisteach

- Aithníonn an Príomhoide/Príomhoide Tánaisteach an an ról tábhachtach atá ag folláine i saol an scoláire.
- Déanann an Príomhoide/Príomhoide Tánaisteach iarracht aithne phearsanta a chur ar na daltaí sa scoil ionas go mbíonn daltaí ar a gcompord ag teacht chucu le rudaí a phlé leo.
- Cinntíonn siad go bhfuil an polasaí á chur i bhfeidhm.
- Spreagann siad daltaí le páirt a ghlacadh in imeachtaí seachchuraclam.

Ról an mhúinteora

Aithníonn Coláiste Ghobnait ról na múinteoirí i bhforbairt agus caomhnú an pholasaí folláine. Aithníonn Coláiste Ghobnait príomh chuspóir mhúinteoirí ó thaobh múineadh agus foghlaim de agus an ról lárnach atá acu daltaí a spreagadh agus a mhúscailt i leith na folláine.

Aithníonn Coláiste Ghobnait an ról lárnach atá ag foireann tacaíochta na scoile ó thaobh an cúram, an traenáil agus an treoir a chuirtear ar fáil do gach dalta ó thaobh féin chúram, sláinte coirp, aigne agus folláine.

Ról na dTuismitheoirí/Caomhnóirí

- Aithníonn an scoil ról na dtuismitheoirí/Caomhnóirí i bhforbairt agus feidhmiú an Pholasaí Folláine. Beidh muid ag súil go dtabharfaidh na Tuismitheoirí/Caomhnóirí tacaíocht don scoil i dtaobh dearcadh dearfach a bheith ag daltaí i leith an Pholasaí Folláine agus go spreagfaidh siad a bpaistí chun cloí leis an bPolasaí.
- Creidimid go bhfuil sé tábhachtach go mbeidh tuismitheoirí ar an eolas faoin bPolasaí Folláine.
- Iarraimid ort tacaíocht a thabhairt don scoil trí eolas tábhachtach maidir le do mhac/iníon a thabhairt don scoil ó thaobh leasa an dalta.

Ról na scoláirí

- A bheith páirteach in imeachtaí an choláiste, istigh agus lasmuigh don seomra ranga.
- A bheith freagrach i gcónaí.
- Meas a léiriú ar an éagsúlacht agus orthu féin.
- A bheith féin mhuinineach.
- Meas agus tuiscint a bheith acu ar theorainneacha.

Struchtúr an pholasaí

Tá struchtúr an pholasaí seo bunaithe ar an contanam tacaíochta sé sin go gcuirtear tacaíocht agus go spreagtar folláine gach scoláire gColásite Ghobnait.



Ghné den fholláine

An Gaol atá ag Polasaí Folláine leis an gclár foghlama



- Baineann folláine le gach rang/ábhar agus le gach bliain sa scoil.
- Tá dualgas ar mhúinteoir cinntiú go bhfuil gach scoláire ag foghlaim i ngach ábhar/imeacht scoile in atmaisféar atá folláin. Mar sin tá sé fíorthábhachtach go mbeadh gach múinteoir ar an eolas faoin bpolasaí seo agus go bhfuil an polasaí á chur i bhfeidhm.
- Sa chlár don Teastas Nua Sóisearach tá an fholláine luaite mar cheann den ocht bpríomhphrionsabail
- Tá sé luaite go sonrach leis na ranganna Corpoideachais, Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) agus Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus leis na ráitis fhoghlama 5,7,10,11,12 agus 13
- Bíonn rang dúbailte cluichí (80 nóiméid) gach seachtain ag gach scoláire sa scoil, ranganna OSSP ag Bliain 1, 2 &3 agus OSPS ag Bliain 1, 2, 3 agus rang amháin OCG ag 4, 5 & 6.

Gnéithe den fholláine mar phríomhphrionsabal den TS nua

Cé go mbaineann folláine le gach scoláire i ngach bliain is iad seo na gnéithe den phríomhphrionsabal sin sa chlár nua don Teastas Sóisearach. Ba cheart iad a chur i bhfeidhm do gach scoláire sa scoil

- a bheith sláintiúil agus gníomhach go fisiciúil
- a bheith sóisialta
- a bheith freagrach, slán agus eiticiúil nuair atá teicneolaíocht dhigiteach in úsáid
- a bheith muiníneach
- a bheith spioradálta

- a bheith dearfach faoin bhfoghlaim
- a bheith slán

TÁSCAIRÍ FOLLÁINE



Crochta ar chlár na folláine, cóip i bhfiltéan gach scoláire agus i ndialann na scoláirí. Pléite ag an Tionól go minic.

PRÍOMHSCILEANNA AGSU FANACHT FOLLÁIN



Folláine a spreagadh agus a chur chun cinn i gColáiste Ghobnait

- straitéisí foghlama éagsúla a úsáid sna ranganna chun aird an scoláire a choinneáil agus chun deis a thabhairt do gach dalta barr a gcumais a bhaint amach
- ionchais ard a bheith le brath i dtimpeallacht na scoile/foghlama, iarracht a dhéanamh go mbeidh gach scoláire in ann ardleibhéal a bhaint amach i ngach ábhar don tsraith shóisearach
- staidéar tar éis na scoile ar fáil do scoláirí bliain 3, 5 & 6.
- scileanna staidéir do bhliain 3 & 6.
- úsáid suímh idirlíne & an teilifís sa phríomh phasáiste.
- cúrsa spioradálta agus lá machnamh eagraithe do 4, 5 & 6.
- clár aistriú on mbunscoil go dtí an mheán scoil
- brat glas.
- múinteoir ranga – tugann múinteoirí ranga tacaíocht do scolairi i rith na bliana.
- aitheantas agus moladh a thabhairt do scoláirí go leanúnach & deireadh na bliana.
- caidreamh idir an scoile gníomhairí/seirbhísí tacaíochta taobh amuigh den scoil.

Bia shláintiúil

Moltar bia shláintiúil chun go mbeidh scoláirí in ann díriú níos éifeachtaí ar a bhfoghlaim agus feabhas a chur ar an leibhéal fuinnimh.



Nasc le polasaithe eile na scoile

Ba cheart an polasaí seo a léamh i gcomhar le polasaithe uilg na scoile ach go speisialta:

- Polasaí Sláinte & Sábháilteachta
- Polasaí Tréadchúraim
- Polasaí Ríomhaireachta
- Polasaí OSPS agus OCG
- Polasaí um Chosaint Leanaí
- An Cod Impair
- Polasaí Tinrimh agus Polasaí um Bhainistiú Géarchéime.

Tá tagairtí déanta sa pholasaí seo do Threoirlínte Folláine an Teastais Nua Shóisearaigh. Ba cheart do phobal na scoile uilig a bheith eolach ar na treoirlínte sin atá ar fáil ar www.jct.ie.

Forbairt Ghairmiúil na Foirne

Tugtar deis don fhoireann freastal ar chursaí traenála folláine.

Is cinnte go bhfuil muinteoirí níos fearr ag breathnú amach do fholláine a scoláirí má thuigeann siad a bhfuil i gceist agus má mhothaíonn siad cumasach iad féin leis an bhfolláin a chur i bhfeidhm. Coinnítear taiféad sa scoil agus i bplean ábhair an mhúinteora ar an bhforbairt ghairmiúil atá idir láimhe.

Áisitheoir ón JCT i láthair sa scoil ar an 4 Nollaig 2017 le ceardlann maidir le folláin curtha ar fáil don fhoireann.

Aoichainteoirí: Baineann an polasaí seo agus na treoracha atá leagtha síos i bpolasaí OSPS/OCG na scoile le aon aoichainteoir a thagann chun na scoile le labhairt leis na scoláirí maidir le hábhar ar bith.

Imeachtaí sa scoil a chuireann leis an bhFolláine

Príomhphasáiste na scoile

- Tá clár fógraí atá tiomanta don fholláin i bpríomhphasáiste na scoile chomh maith le cláir eile a thaispeánann tallann na scoláirí.
- Tá meaisín uisce ar fáil taobh istigh de phríomhdhoras na scoile.

Nasc le Scoileanna eile

- Cuairt ó scoileanna eile mar shampla Tráth na gCeist Boird eagraithe i gcomhar le Múinteoirí agus Scoláirí Choláiste an Eachreidh, Meán Fómhair 2017.
- Tionól 3 Scoil Oileáin Árann i Leitir Móir – Meán Fómhair 2017 – maidir leis an bPolasaí Gaeltachta.

Turais

- Ceapach na gCapall
- Eiscear
- Freastal ar dhrámaí Béarla a bhaineann leis an gcuraclam
- Turais eagsúla scoile – turas tús na bliana chun aithne a chuir ar a chéile.

Obair Charthanachta

- Aifreann na Nollag agus Maidin Caifé le hairgead a bhailiú do charthanacht agus don scoil.
- Boscaí Nollag

Drámaíocht & Ceardlanna & Ceol/Amhránaíocht

- Ceardlanna i scileanna drámaíochta agus léiriú ar Sheó na Nollag – gach scoláire & nasc láidir le bunscoil Chaomháin agus pobal uilig na scoile agus an oileáin.
- Ceol agus Cór ag Aifreann agus ag Imeachtaí Ceiliúrtha eile.

Imeachtaí Spóirt / Sláinte Coirp

- Deiseanna ag na scoláirí uilig a bheith páirteach i gcláracha ar nós SkySports for Living.
- Lá Spóirt eagraithe ag an Idirbhliain do scoláirí na scoile seo agus do dhaltaí Scoil Chaomháin.
- Healthy Lifestyle Program – Cúrsa dhá lá.
- Feasacht ar Bhia Folláine tríd chláracha teagaisc sa Rang Eacnamaíochta Baile agus sa rang OSPS.

POLASAÍ FOLLÁINE

Ceardaíocht/Ealaín

- Ábhar Ealaíne a bheith ar thaispeántas sa Halla Pobail faoi Nollaig agus ar chlár fógraí.
- Obair cheardaíochta don Idirbhliain i gcomhar le CLEAS teoranta, Caoladóireacht, Lá Bhríde déanamh na gcros.
- Ceardlann Ealaíne i gcomhar le hÁras Éanna.

Forbairt ar Shláinte Intinne

- Lá Jigsaw – Sláinte Intinne Déagóirí – Lá Glas.
- Bully 4 U.
- Seachtain Náisiúnta Frithbhulaíochta.
- Forbairt ar Leabharlann na scoile i gcomhar leis na Múinteoirí teanga.
- Áit chiúin ar fáil don léitheoireacht sa pholatholl án.
- Céardlann ar sábhailteacht idirlín.
- Darkness into light – ag cruthú feasacht agus lá gan éide scoile.

Deiseanna eile don cheiliúradh / teacht le chéile

- Seachtain na Folláine
- Imeachtaí Sheachtain na Gaeilge – Tráth na gCeist, Comórtais Fhilíochta, díospóireachtaí, ceardlanna amhránaíochta, rince.
- Féilte éagsula i rith na bliana a chomóradh – mar shampla, An Samhain, an Nollaig, La Galette des Rois, Lá Bríde, Lá Vailintín, Lá 'le Phádraig, an Cháisc.
- Aifreann (ag deireadh na bliana) ag comóradh bliain 6.
- Ceardlann i Scileanna Staidéir.
- Rannpháirtíocht i gComórtas na nEolaithe Óga.
- Rannpháirtíocht i nGradaim Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe & Ros Comáin.
- Taispeántas dheireadh na bliana d'obair na hIdirbhliana le tuismitheoirí, mná/fir tí agus an pobal ar fad.

Teicneolaíocht an Eolais

Tá fáil ag na scoláirí ar fad ar áiseanna ríomhaireachta sa scoil. Tá polasaí i bhfeidhm maidir le húsáid na teicneolaíocta agus deaiompar ar líne. Glacann na scoláirí páirt i Seachtain na Teicneolaíochta agus tríd na himeachtaí sin déantar daingniú ar dea iompar ar líne.

Cuireadh an polasaí seo le chéile i mí Dheireadh Fómhair 2017. Foireann na scoile, an Bord Bainistíochta agus na tuismitheoirí/caomhnóirí a chur an polasaí le chéile.

ACMHAINNÍ

https://jigsaw.ie/schoolshub/?gclid=CjwKCAjwp9qZBhBkEiwAsYFsbxN4ly3wBkL1ThlEETErcgueUJvGu0aJdO0ppiLMGek4KfVdz8ehlRoCMMYQAvD_BwE